



Comhairle Contae Chill Mhantáin Wicklow County Council

Comhairle Contae Chill Mhantáin

Ráiteas Corparáideach um Chosaint Leanaí

1. Ainm na seirbhíse atá á soláthar:

Seirbhís Údaráis Áitiúil do Chontae Chill Mhantáin a chlúdaíonn limistéar de 2,024 ciliméadar cearnach agus ina bhfuil 155,851 duine ina gcónaí (POÉ 2022).

2. Náidúr na seirbhíse:

Fostaíonn Comhairle Contae Chill Mhantáin thart ar 920 duine thar réimsí feidhmiúla leathana ag soláthar raon cuimsitheach seirbhísí. Tá roinnt ról ag an gComhairle, go príomha soláthar príomhsheirbhísí ar nós tithíochta, pleanála, seirbhísí áineasa, pobail agus cultúir, chomh maith le bóithre, bonneagar agus seirbhísí éigeandála. Tá ról rialála agus forfheidhmiúcháin ag an gComhairle freisin mar aon le ról sainithe i gcuimsiú sóisialta, i bhforbairt inbhuanaithe, i rannpháirtíocht phobail, agus i bhforbairt eacnamaíoch agus i dtacaíocht fiontraíochta.

3. Prionsabail chun leanaí a chosaint

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tiomanta do chur chuige atá páiste-lárnaithe inár gcuid oibre le leanaí i soláthar ár seirbhísí agus ár ngníomhaíochtaí go léir. Tá dualgas agus freagracht fhoriomlán chorparáideach ar an gComhairle na leanaí atá ag rochtain Sheirbhísí agus Ghníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil a chosaint.

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tiomanta:

- Leas ginearálta, forbairt sláinte agus sábháilteacht leanaí a chur chun cinn.
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta sábháilte bainistíochta i bhfeidhm do gach ball foirne agus oibrithe deonacha lena n-áirítear: nósanna imeachta láidre earcaíochta, roghnúcháin, maoirseachta agus tacaíochta.
- Treoir agus nósanna imeachta a fhorbairt do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha a d'fhéadfadh forais réasúnacha imní a bheith acu faoi mhí-úsáid nó fhaillí fhéideartha i leith linbh atá páirteach i seirbhísí nó i ngníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil.
- A chinntiú go gceaptar Oifigigh Ainmnithe Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí agus go mbíonn siad inrochtana.

- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás Áitiúil chun déileáil le líomhain mí-úsáide a dhéantar in aghaidh fostaí/oibrí deonach.
- Feasacht a mhúscailt san eagraíocht faoi rioscaí féideartha do shábháilteacht/leas leanaí.
- Nósanna imeachta a fhorbairt chun freagairt do thimpistí agus do ghearáin.
- Nósanna imeachta soiléire coinneála taifead a fhorbairt agus a chothabháil.
- A chinntiú go bhfuil Cód Iompair i bhfeidhm chun treoir shoiléir a sholáthar d'fhostaithe agus d'oibrithe deonacha maidir le conas caitheamh le leanaí agus le daoine óga san eagraíocht.
- Beartas comhair idirghnómhaireachta le Tusla agus le gníomhaireachtaí eile atá bainteach le cosaint linbh a fhorbairt.

Cur chuige atá dírithe ar leanaí de chuid an Údaráis Áitiúil

Ciallaíonn cur chuige atá dírithe ar leanaí de chuid Chomhairle Contae Chill Mhantáin:

- Caitheamh le gach leanbh go cothrom
- Éisteacht le leanaí agus meas a bheith orthu
- Leanaí a bheith rannpháirteach de réir mar is cuí
- Spreagadh, tacaíocht agus moladh a sholáthar (beag beann ar chumas)
- Teanga chuí a úsáid (ó bhéal agus choirp)
- Spraio agus atmaisféar dearfach a spreagadh
- Cáineadh cuiditheach a thairiscint nuair is gá
- Caitheamh le gach leanbh mar dhaoine aonair
- Meas a bheith ar spás pearsanta linbh
- Áiseanna teagaisc atá oiriúnach d'aois a úsáid
- Treoir a thabhairt trí shampla
- A bheith feasach ar theorainneacha ama linbh m.sh. scoil/scrúduithe agus gníomhaíochtaí á sceidealú
- Atmaisféar muiníne a chruthú
- A bheith feasach ar an Acht um Stádas Comhionann 2000-2010 a bhaineann le hidirdhealú bunaithe ar naoi bhforas:
 - Inscne
 - Stádas Sibhialta
 - Stádas Teaghlaigh

- Aois
 - Cine
 - Reiligiún
 - Míchumas
 - Claonadh Gnéis
 - Ballraíocht sa phobal Lucht Siúil
- Gach faisnéis maidir le leanaí a úsáid don chuspóir sin amháin a thugtar í, faoi réir imní(omhnaí) um chosaint leanaí.

4. Measúnú Riosca

Rinneamar measúnú ar aon fhéidearthacht dochara do leanbh agus ár seirbhísí á n-úsáid acu. Tá liosta de na réimsí riosca a aithníodh agus na nósanna imeachta chun na rioscaí seo a bhainistiú ar fáil ó Chomhairle Contae Chill Mhantáin arna iarraidh.

5. Nósanna Imeachta

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanaí i gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, *Children First: An Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017)*, agus *Cosaint Leanaí Tusla: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas*. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnuithe riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár rún leanaí a chosaint agus ár seirbhís á húsáid acu:

Beartas agus Nós Imeachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin um Chosaint agus Cosaint Leanaí:

- Nós imeachta chun líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair in aghaidh oibrithe/oibrithe deonacha i leith linbh atá ag úsáid ár seirbhíse a bhainistiú;
- Nós imeachta le haghaidh earcaíocht agus roghnú sábháilte oibrithe agus oibrithe deonacha chun obair le leanaí;
- Nós imeachta chun oiliúint agus faisnéis um chosaint leanaí a sholáthar agus rochtain a fháil uirthi, lena n-áirítear tarlú an dochraigh a aithint;
- Nós imeachta chun imní um chosaint nó leas leanaí a thuairisciú do Tusla;
- Nós imeachta chun liosta a chothabháil de na daoine (más ann dóibh) sa tseirbhís ábhartha arb iad daoine faoi threoir iad;
- Nós imeachta chun duine ábhartha a cheapadh.

Tá gach nós imeachta atá liostaithe ar fáil arna iarraidh.

6. Imní a Thuairisciú

Is féidir le duine ar bith imní faoi leanbh a thuairisciú. Má tá aon imní ort faoi leanbh, ba cheart duit í a thuairisciú do Tusla. Is féidir tuairisc a dhéanamh go pearsanta, ar an nguthán nó i scríbhinn. Is féidir le haon bhall den phobal a bhfuil imní orthu faoi leanbh teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís dualgas oibre sóisialta áitiúil de chuid Tusla sa cheantar ina bhfuil cónaí ar an leanbh chun comhairle a fháil faoi d'imní a thuairisciú.

I gcás éigeandála ar bith nuair a mheasann tú go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir leat teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le **An Garda Síochána**.

Má tá leanbh i mbaol lasmuigh d'uaireanta oifige is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí.

Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil ar Bheartais agus Nósanna Imeachta an Údaráis Áitiúil, déan teagmháil le:

Theresa O'Brien TOBrien@wicklowcoco.ie Oifigeach Idirchaidrimh um Chosaint

Leanaí nó Leas-Oifigigh Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí:

Mary Rose Walker

Mrwalker@wicklowcoco.ie Margaret

Birchall Mbirchal@wicklowcoco.ie Máire

Halvey Mhalvey@wicklowcoco.ie Helen

Purcell Hpurcell@wicklowcoco.ie

Mary Murphy Mamurphy@wicklowcoco.ie

Geraldine Colgan Gcolgan@wicklowcoco.ie

Tuilleadh faisnéise ar Chosaint Leanaí -- **www.tusla.ie**

7. Cur i bhFeidhm

Aithnímid gurb é cur i bhfeidhm próiseas leanúnach. Tá ár seirbhís tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis seo um Chosaint Leanaí agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár rún leanaí a choinneáil sábháilte ó dhochar agus ár seirbhís á húsáid acu.

Déanfar an Ráiteas seo um Chosaint Leanaí a athbhreithniú i mí na Nollag 2027 nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a theacht ar aon ní a mbaineann an ráiteas leis.

Sínithe: 

Emer O'Gorman

Príomhfheidhmeannach

Comhairle Contae Chill Mhantáin